2025/2156

27.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2156 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/897 a mhéid a bhaineann le liostú na gcalafort a fhormheas i gcomhréir le Caibidil II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/897 ón gCoimisiún ([2]) formheastar an liosta tosaigh calafort a chomhlíonann na coinníollacha maidir leis an maolú ar na corrlaigh lamháltais a chur i bhfeidhm agus meastachán á dhéanamh ar ghabhálacha le haghaidh tabhairt i dtír neamhshórtáilte nó trasloingsithe iascach peiligeach beag, iascach tionsclaíoch agus iascach peas-saighne tuinníní trópaiceacha.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 ón gCoimisiún ([3]), chuir an Spáinn iarratas faoi bhráid an Choimisiúin chun dhá chalafort atá lonnaithe ina críoch a áireamh, is iad sin calafoirt Santa Eugenia de Ribeira agus La Puebla del Caramiñal, ar an liosta calafort a fhormheastar le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/897.

(3) Ar bhonn na faisnéise agus na fianaise a chuir an Spáinn isteach ina hiarratas agus tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 7(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474, shuigh an Coimisiún gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i gCaibidil II den Rialachán Cur Chun Feidhme sin maidir le gach calafort a bheartaítear a liostú.

(4) De réir na faisnéise a chuir an Spáinn isteach, comhlíonann calafoirt Santa Eugenia de Ribeira agus La Puebla del Caramiñal na coinníollacha is gá faoi Airteagail 2 agus 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 chun calafoirt a liostú laistigh den Aontas. Go háirithe, tá na calafoirt feistithe le droichid mheáite, agus tá córais i bhfeidhm ina bhfuil trealamh chun meá chruinn na ngabhálacha uile a chumhdaítear le hAirteagal 14(4), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474.

(5) Go sonrach, cé nach bhfuil na calafoirt feistithe le córas cianfhaireacháin leictreonaigh ag a bhfuil teilifís ciorcaid iata dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474, tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla faireachán a dhéanamh ar chruinneas an phróisis meáite le haghaidh gach tabhairt i dtír agus trasloingsithe gabhálacha a chumhdaítear le hAirteagal 14(4), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, lena soláthraítear leibhéal cruinnis agus iontaofachta atá coibhéiseach leis an leibhéal cruinnis agus iontaofachta a bhíonn ag córas cianfhaireacháin leictreonaigh.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/897 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2025 lena bhformheastar liostú na gcalafort i gcomhréir le Caibidil II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 (IO L,2025/897, 16.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/897/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 14(4), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le maolú ar an gcorrlach lamháltais chun meastachán a dhéanamh ar ghabhálacha le haghaidh tabhairt i dtír agus trasloingsithe neamhshórtáilte ó iascaigh pheiligeacha bheaga, iascaigh thionsclaíocha, agus iascaigh pheas-saighne tuinníní trópaiceacha (IO L, 2024/1474, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1474/oj).

(6) Ar bhonn na faisnéise a cuireadh isteach, ba cheart na calafoirt atá beartaithe a liostú ag an Spáinn a fhormheas agus a chur leis an liosta calafort dá dtagraítear in Airteagal 14(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/897 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/897 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/897, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta calafort formheasta de bhun Chaibidil II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474:

‘Ainm an chalafoirt liostaithe	Suíomh	An tAontas/Tríú tír	An Ballstát Iarrthach
Santa Eugenia de Ribeira (ESSNI)	an Spáinn	an tAontas	an Spáinn
La Puebla del Caramiñal (ESLPC)	an Spáinn	an tAontas	an Spáinn’